



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Dréacht-Téarmaí agus Dréacht- Choinníollacha don Chéad Chomórtas Amach ón gCladach faoin Scéim Thacaíochta Leictreachais In-athnuaite

ORESS 1

Doiciméad Comhairliúcháin

Deireadh Fómhair 2021

Prepared by the Department of the
Environment, Climate & Communications
gov.ie/decc

Clár an Ábhair

Clár an Ábhair.....	i
Réamhrá.....	2
1 Saincheisteanna Comhairliúcháin	3
1.1 Critéir Incháilitheachta	3
1.1.1 Toiliú an Stáit.....	3
1.1.2 Neamhspleáchas Tairisceana.....	4
1.1.3 Measúnú Ceangal Eangaí [<i>Ábhar an Chomhairliúcháin CRU</i>]	4
1.2 Innéacsú.....	5
1.3 Meicníochtaí Ceant.....	7
1.3.1 Riail 5%	7
1.3.2 Riail X agus Y	8
1.3.3 Íoc-mar a-Thairgtear	8
1.4 Bannaí Tairiscintí agus Urrúis Feidhmíochta.....	9
1.5 Garspriocanna Eatramhacha agus Deiridh	10
1.6 Cistí Leasa Pobail Amach ón gCladach	14
1.6.1 Ranníocaíochtaí Luatha.....	14
1.6.2 Ciste faoi Bhainistiú Náisiúnta.....	15
1.7 Oibriúchán agus Cothabháil Áitiúil	17
1.8 Ceistneoir Airgeadais.....	18
1.9 Ceistneoir faoin bPlean Soláthair Tionscadail	19
2 Freagairtí Comhairliúcháin a Chur Isteach	21

Réamhrá

Is é a bheidh sa chéad cheant RESS amach ón gcladach, ORESS 1, mórchéim chun uailmhian 2030 a ghnóthú faoi mar atá leagtha amach sa Chlár Rialtais a bhaineann le hacmhainn shuiteáilte amach ón gcladach agus 70% ar a laghad de leictreachas in-athnuaite. Tacóidh sé seo le gnóthú na huailmhéine atá leagtha amach faoin mBille um Ghníomhú Aeráide agus i mbeartais agus bearta an Phlean Gnímh um an Aeráid 2021.

Tá Dréacht-Téarmaí agus Dréacht-Choinníollacha ORESS 1 foilsithe anois ag an Aire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Ba chóir a shonrú gur leis an gcéad cheant amach ón gcladach amháin a bhaineann na dréacht-téarmaí seo agus nár chóir glacadh leo mar bhunús i gcomhair ceantanna amach ón gcladach atáthar a bheartú san am atá le teacht.

D'fhoilsigh an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) dréacht-mholtaí le haghaidh comhairliúcháin a bhaineann le measúnú molta na heangaí amach ón gcladach maidir le tionscadail atá páirteach in ORESS 1. Ba chóir an comhairliúchán ORESS agus an comhairliúchán ar mheasúnú eangach CRU a thógáil in éineacht lena chéile agus, nuair is féidir, ba chóir aiseolas a bhaineann le próiseas ceangail na heangaí amach ón gcladach a chur ar fáil tríd an gcomhairliúchán CRU agus aiseolas a bhaineann leis an scéim thacaíochta is leithne a chur ar fáil mar fhreagairt ar an gcomhairliúchán seo.

Tá an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (an Roinn) tiomanta do rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara ar shlí shoiléir, oscailte agus thrédhearcach agus tá sí anois ag iarraidh tuairimí ó pháirtithe ar spéis leo na Dréacht-Téarmaí agus Dréacht-Choinníollacha. Ní mór go bhfaighfear freagairtí comhairliúcháin tráth nach déanaí ná 6 Nollag 2021.

Féadann aon duine nó aon eagrais uiríoll a dhéanamh maidir leis an gcomhairliúchán seo. Is é aidhm an chomhairliúcháin spriocdhírthe aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara ar ghnéithe de na Téarmaí agus Coinníollacha a d'fhéadfadh dul i gcion ar sheachadadh éifeachtach, tíosach tionscadail leictreachais in-athnuaite faoi ORESS 1.

Déanfaidh an Roinn gach tuairim agus moladh a mheas go haireach agus foilseofar freagairt chomhairliúcháin. Nuair a chuirtear san áireamh méid agus réimse na dtuairimí lena bhfuiltear ag dúil, níl sé beartaithe ag an Roinn freagairt d'aighneachtaí

aonair. Iarrtar ar fhreagróirí díriú ar naoi saincheist a shainaithnítear thíos agus ar díol spéise iad ó thaobh an chomhairliúcháin de.

Sna Téarmaí agus Coinníollacha Deiridh ORESS 1 beidh athruithe agus soiléirithe nuair is cuí, faoi réir fhaomhadh an Rialtais agus chomhlíonadh an Bhille Um Pleanáil Limistéar Muirí, faoi mar a achtófar. Táthar ag dúil leis na Téarmaí agus Coinníollacha Deiridh a fhoilsiú in R2 2022.

1 Saincheistanna Comhairliúcháin

1.1 Critéir Incháilitheachta

1.1.1 Toiliú an Stáit

Maidir le ceantanna amach ón gcladach RESS 1 agus RESS 2, is gá go mbeidh gach tionscadal incháilithe roimh ré ar a bheith páirteach sna ceantanna trí fhianaise a chur ar fáil ar chead pleanála iomlán (toiliú forbartha). Mar sin féin, nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil earnáil gaoth amach ón gcladach na hÉireann ag luathchéim forbartha agus nár achtaíodh fós an reachtaíocht trína n-éascófar toiliú forbartha amach ón gcladach, mar atá, an Bille um Pleanáil Limistéar Muirí (MAP), táthar ag moladh nach critéar incháilitheachta é cead pleanála iomlán le haghaidh ORESS 1. Leis an athrú seo, a bhaineann le RESS ar tír, éascófar ceant níos luaithe agus d'fhéadfadh sé go gcuimseofaí tionscadail le dul trí na próisis toiliú forbartha agus ceantanna go comhthráthach agus d'fhéadfadh sé seo amlínte tionscadail a laghdú agus an earnáil amach ón gcladach le cois seirbhísí breise calafoirt agus eile a fhorbairt in Éirinn.

Cé nach gá toiliú forbartha le haghaidh incháilitheacht ceant, is réamhriachtanas ceant é toiliú an Stáit chun an spás bainteach muirí a shealbhú. Sásófar an critéar seo le Toiliú Limistéir Mhuirí (MAC) a bhronntar faoin mBille MAP mar a achtófar, nó le Léas Imeall Trá a bhronntar faoin Acht um Imeall Trá 1993 (arna leasú). Is trí Bhille MAP, mar a achtófar, a shocrófar an próiseas chun MAC a fháil, agus is é atá beartaithe gan ORESS 1 a óstáil go dtí go dtabharfar go leor ama do thionscadail amach ón gcladach luathchéime MAC a fháil agus Tairiscint ceant a chur i dtoll a chéile. Mar sin de, tá amchlár ORESS 1 ag brath go hiomlán ar achtú Bhille MAP, ar thosú ar reachtaíocht thánaisteach ábhartha agus ar an bpróiseas iarratais MAC a chur ar bun.

Lena chois sin, ba chóir a shonrú gur gá MAC nó Léas Imeall Trá fosta chun cur isteach ar thoiliú forbartha. Táthar ag dúil gur ón mBord Pleanála, i gcás gnáth-thionscadail ghaoithe amach ón gcladach, a thioctaidh toiliú forbartha do chomhchodanna tionscadail, idir amach ón gcladach agus ar tír.

Tá riosca áirithe, ó thaobh an Stáit de, le gan cead pleanála a bheith mar réamhriachtanas ceant, maidir leis an tionchar féideartha ar fhuinneamh in-athnuaite náisiúnta agus spriocanna astaíochta má tharlaíonn sé nach n-éireoidh le tionscadal sa phróiseas pleanála cé go n-éiríonn leis sa cheant. Ós rud é nach bhfuil sé beartaithe glacadh leis mar leithscéal nach bhfaightear cead pleanála as neamhfheidhmíocht faoin gComhaontú Feidhmiúcháin, tá riosca áirithe ann fosta d'úinéirí tionscadal rathúil.

D'ainneoin a bhfuil thuas, ní dóigh leis an Roinn gur inmhianaithe moill a chur ar ORESS 1 go dtí go mbeidh cohórt tionscadal a bhfuil toiliú forbartha acu ar fáil.

Féach Cuid 1.5 maidir le garspriocanna agus dáta stoptha fada i gcomhair tuilleadh eolais ar an bpointe seo.

1.1.2 Neamhspleáchas Tairisceana

De gheall ar thionscadail amach ón gcladach a bheith i bhfad níos mó agus go bhfuiltear ag dúil le líon níos lú rannpháirtithe ceant in ORESS 1 i gcomparáid le ceantanna RESS ar tír, táthar ag moladh an tairseach i gcomhair fógraí úinéireachta a threisiú. Is gá fógra a thabhairt faoi gach duine a rialaíonn go direach nó go hindíreach níos mó ná 10% de scaireanna tionscadail san Fhógra ar Neamhspleáchas Tairisceana.

1.1.3 Measúnú Ceangal Eangaí [Ábhar an Chomhairliúcháin CRU]

Le bheith incháilithe ar ORESS 1, is gá do lucht tionscadail fianaise a chur ar fáil go bhfuil pointe áirithe bainte amach acu sa phróiseas ceangal eangaí amach ón gcladach, dá dtagraítear mar Mheasúnú Ceangal Eangaí agus a bheidh mar ábhar comhairliúcháin ag an CRU, https://www.cru.ie/document_group/offshore-grid-connection/. D'fhonn ceant comhsheasmhach a éascú, cuimseofar sa mheasúnú seo mar thoradh, uasluach easpórtála saineúil i leith gach tionscadail. Is próiseas ar leith é seo seachas an córas ECP ar tír.

Iarrtar aiseolas ar ról an mheasúnaithe ceangal eangaí mar chritéar incháilitheachta ceant amháin. Iarrtar aiseolas ar an measúnú ceangal eangaí féin lena chur faoi bhráid an chomhairliúcháin CRU.

Ceisteanna

1. Cé na rioscaí a bhaineann le toiliú forbartha a fháil do thionscadail ar féidir leo MAC agus Measúnú Ceangal Eangaí a fháil?
2. Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an 'riosca pleanála' seo ar Thairiscintí ceant? An féidir leat an tionchar seo a chainníochtú?
3. Nuair a chuirtear san áireamh an comhairliúcháin CRU, cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an 'riosca eangaí' ar Thairiscintí ceant? An féidir leat an tionchar seo a chainníochtú?
4. Conas is féidir na rioscaí thuas a mhaolú go héifeachtach ach toiliú forbartha a choinneáil slán mar riachtanas iarcheant? An bhfuil samplaí ábhartha ann den dóigh ar feidhmíodh na maoluithe seo in áiteanna eile?
5. An bhfuil an tairseach rialaithe 10% a bhaineann le fógra neamhspleáchas tairisceana réasúnta?

1.2 Innéacsú

Ábhar spéise ar leith an t-innéacsú ag RESS 1 agus is amhlaidh atá fós i próiseas forbartha RESS 2. Le linn na dteagmhálacha seo, costas iarbhír a íocann an tomhaltóir, an ní a bhfuil tábhacht ar leith ag an Roinn leis sa réimse seo, agus is amhlaidh atá fós. Chun an plé seo a chur i gcomhthéacs amach ón gcladach, choimisiúnaigh an Roinn staidéar agus comhfhoilsíodh é in éindí leis an gcomhairliúchán seo (féach tuarascáil KPMG).

Chun achoimre a dhéanamh ar chomhairliúcháin RESS roimhe seo, is iondúil gur lú spéis ag an Roinn in argóintí atá i bhfabhar innéacsú ar bhonn íslíú costais dhealraitheacha nó ainmniúla amháin agus is mó an spéis i bhfianaise go laghdaíonn innéacsú nó páirt-innéacsú costas caipitil agus go gcuirtear an laghdú costais seo ar aghaidh chuig tomhaltóirí trí íocaíochtaí tacaíochta is ísle go fadtéarmach.

Lena chois sin, d'fhéadfadh sé a bheith amhlaidh fosta go bhfuil réasúnaíochtaí sainiúla ann i gcomhair innéacsuithe sa chomhthéacs amach ón gcladach. Moladh, mar shampla, gur mó an baol boilsciú costas infheistíochta i dtionscadail amach ón gcladach mar gheall ar chéim thógála níos faide agus gurb é toradh tionscadail amach ón gcladach a bheith níos mó agus gur íogaire iad ó thaobh athruithe sa chiste atá ar fáil mar gheall ar thacaíocht innéacsaithe nó neamh-innéacsaithe.

D'ainneoin a bhfuil thuas, fiú leis na céimeanna tógála níos faide, táthar ag dúil go n-aontófar costais infheistíochta, den chuid is mó, le soláthraithe am éigin i ndiaidh an cheant. Mar sin de, ní féidir ach sciar de na costais infheistíochta a innéacsú ar

bhonn inchosanta. Lena chois sin, seachas iad a bheith innéacsaithe i leith táscairí ginearálta boilscithe CPI nó HICP, bheadh sé ní b'iomchuí i leith táscaire ar mó an bhaint shainiúil aige leis an tionscal amhail Innéacs Cruach na hEorpa. Sa chás seo, d'fhéadfaí innéacsú nó innéacsú ag leibhéal a léireodh costais infheistíochta faoi réir an bhoilscithe a fheidhmiú go dtí pointe roimh choimisiúnú seachas téarma iomlán an chonartha.

Cé gur suntasach costais leanúnacha oibríochta do thionscadail amach ón gcladach agus go mbaineann baol boilscithe leo le linn tréimhse tionscadail, ba spéis leis an Roinn an sciar measta a seasann na costais seo dóibh laistigh de chostais iomlána an tionscadail agus an chomparáid idir an sciar seo agus gnáthchostais iomlána tionscadal ar tír.

Ceisteanna

1. Dá ndéanfaí Tairiscintí ceant a innéacsú, an dóigh leat go gcuirfí ar do chumas costas fhoriomlána chaipitil ab ísle a ghnóthú i ndáiríre? Más dóigh, tabhair measúnú tascach den tslí a ndéanfaí sábháiltí féideartha de seo do thomhaltóirí ar bhonn glanluach láithreach saolré, ag glacadh leis gur ann do ráta fíor-lascaine 4% agus ráta boilscithe 2%.¹ I do fhreagra, sainaithin aon bhuntoimhde airgeadais, lena n-áirítear:
 - a. An leibhéal gearála a ghabhtar;
 - b. An sochar innéacsnasctha a bheadh ag gabháil leis an sciar measta maoiniú fiachais agus cothromais;
 - c. An difríocht chostais choibhneasta a bhainfeadh le haon fhiachas nó cothromais innéacsnasctha seachas aon fhiachas neamh-innéacsnasctha;
 - d. A mhéad a ghabhtar le húsáid malairtí innéacsaithe, mura ngabhtar aon mhalairt, aon bhacainn ar mhalairtí a shainaithint, (m.sh. easpa doimhneacht mhargaidh, costas srl.)
2. Cén sciar de LCOE tionscadal gaorth amach ón gcladach a bhaineann le costais oibríochta, dar leat? Cad é an difear idir seo agus LCOE gnáth-thionscadal ar tír?

¹ Tabhair do d'aire, tá na paraiméadair seo mar atá sainithe sa Chód Caiteachais Phoiblí: <https://www.gov.ie/en/policy-information/1a0dcb-project-discount-inflation-rates/?referrer=/en/project-discount-inflation-rates/#inflation-indices>

3. Cén fhianaise chainníochtúil eile atá ar fáil chun tacú leis an tuairim gur laghdú costais chaipitil is toradh d'innéacsú iomlán, (m.sh. taighde a foilsíodh go seachtrach)?
4. Conas is féidir Tairiscintí ceant amach ón gcladach a chosaint seachas Tairiscintí ceant ar tír?
5. An bhfuil innéacsú sciar de chostais infheistíochta inchosanta le linn na céime tógála amach ón gcladach nó an mbíonn costais infheistíochta faoi ghlas roimh an gcéim seo? Cé acu innéacsanna is fearr a léiríonn boilsciú costas infheistíochta?
6. Má thairgtear Tairiscintí ar an mbealach seo, an bhfuil aon chúis:
 - a. nár chóir díbhóilsciú a fheidhmiú?
 - b. nár chóir caidhp ar innéacsú deimhneach a fheidhmiú?
7. Nuair a chuirtear a bhfuil thuas san áireamh, cén sciar, más ann, de na Tairiscintí ceant ba chóir a innéacsú agus ó cén t-am?

1.3 Meicníochtaí Ceant

1.3.1 Riail 5%

Maidir le ORESS 1, táthar ag moladh go gcealófar an fhoráil a bhí in algartam roghnaithe buaiteoir RESS 1 lenar foráladh go roghnaítear Tairiscintí breise má bhí Praghas Tairisceana Measta acu laistigh de 5% den Tairiscint arb é ba chúis le gur glacadh leis go raibh an Chainníocht Fuinnimh Mheasta ag cur le nó níos mó ná an Chainníocht Tosaithe Ceant (ASQ).

Dáiríre, is é an moladh go simpleofar ORESS 1; a luaithe a bhaintear ASQ amach, ní ghlactar le tuilleadh Tairiscintí laistigh den algartam in aon tosca. Is é ASQ fós an chainníocht íosta a ghlacfar; ach ní ghlacfar le cainníochtaí iomlána atá níos mó ná ASQ ach ar chúiseanna "cnapánacht" agus ní ghlacfar le tuilleadh Tairiscintí seachas sin.

Lena shoiléiriú cad is brí le "cnapánacht" sa chomhthéacs seo, breathnaigh an sampla seo. Tá 5 Thairiscint ann, 500 GWh/bliain gach ceann acu, agus is é 1,200 GWh/bliain an ASQ. Ciallaíonn sé sin go nglacfar leis na 3 Thairiscint is saoire, dar suim iomlán 1,500 GWh/bliain (ós rud é nach féidir 1,200 GWh/bliain a bhaint amach leis an 2 is saoire) ach ní ghlacfar leis an 4ú ná an 5ú Tairiscint, is cuma cé chomh gar atá a bPraghsanna Tairisceana Measta don 3ú Tairiscint is saoire.

Cé gur sheachaid riail 5% toilleadh breise laistigh de cheant RESS 1 agus gur glacadh leis go raibh praghsanna réitithe 'iomaíoch ar bhonn oibríochta' i gcomhthéacs líon mór rannpháirtithe ceant, is é tuairim na Roinne, i gcomhthéacs líon laghdaithe Iarratasóirí in ORESS 1, gur rómhór an riosca toradh neamhiomaíoch mar gheall ar riail 5%. Táthar ag moladh, mar sin de, an riail a bhaint as ORESS 1.

1.3.2 Riail X agus Y

Ba mheicníocht í "Riail X agus Y" a neadaíodh i rialacha roghnaithe buaiteoir cheant RESS 1 ar chúiseanna iomaíochta. Le "Riail X agus Y", níor measadh a thuilleadh Tairiscintí costasacha a luaithe, agus má, a saináithníodh bearna inmharthanachta ag leibhéal os cionn cainníocht íosta ceant (RMin). Sainmhíníodh bearna inmharthanachta mar mhéadú athrú ó bhonn ar chostas i gcuair soláthair Praghsanna Fuinnimh Measta, mar a gcainníochtaíonn paraiméadair X agus Y an tairseach uimhriúil a bhíonn i gceist. Maidir le ORESS, táthar ag moladh fáil réidh leis an bhforáil seo.

Glactar leis gur cuí "Riail X agus Y" i leith RESS ar tír i gcomhthéacs RESS a bheith mar cheant atá neodrach ó thaobh teicneolaíochta de, ina mbítear ag dúil go mbeadh méideanna suntasacha cumhacht ghréine agus ghaoithe páirteach agus go mb'fhéidir go mbeadh teicneolaíochtaí eile páirteach fosta.

Is é an phríomhchúis imní go mbeadh difear bunúsach costais idir na teicneolaíochtaí (an "bhearna inmharthanachta") agus dá socrófaí an ASQ ag leibhéal (ard) ina mbeadh teicneolaíocht ardchostais ag croí an scéil (a chiallaíonn nach mór don cheant glacadh le roinnt Tairiscintí ón teicneolaíocht sin ar a laghad, ar mhaithe le hiad a imréiteach) go bhféadfadh baill den teicneolaíocht ísealchostais a bpraghsanna a ardú go neamhiomaíoch chuig an leibhéal sin dá réir.

I gcomhthéacs ORESS 1, táthar ag dúil gur tionscadail gaoithe amach ón gcladach bonn seasta gach rannpháirtí. Ar an mbonn sin, ní bhaineann an chúis imní faoi bhearnaí inmharthanachta idir teicneolaíochtaí le ORESS 1 mar a bhain le RESS 1. Cé go bhféadfadh roinnt barraineacht scála a bheith i gceist in ORESS 1, mar gheall ar nádúr sách aonchineálach, ní thagann an cheist chun an leibhéal mar a mbítear ag dúil gur gá riail X agus Y.

1.3.3 Íoc-mar a-Thairgtear

Maidir le ORESS 1, táthar ag moladh riail íoc-mar a-thairgtear a úsáideadh in RESS 1 agus RESS 2 a choinneáil. Is ann fós i gcás ORESS do na hargóintí a thacaigh le

íoc-mar a-thairgtear seachas íoc-mar a-réitítear in RESS 1, go príomha go mbítear ag dúil, i dtaca le cinntí infheistíocht chaipitil fhadtéarmach amhail tairiscintí Conradh-do-Dhifríocht, go bhféadann íoc-mar a-thairgtear tacú le héifeachtacht cheant agus, go fadtéarmach, gur costais chomhionanna nó níos ísle do thomhaltóirí ná íoc-mar a-réitítear an toradh.

Mar gheall ar na tréithe ar leith atá ag limistéir éagsúla amach ón gcladach, d'fhéadfadh costais an-éagsúil a bheith ag tionscadail a bhfuil eolas ar leith ag sealbhóirí MAC orthu. Nuair a chuirtear san áireamh an infheistíocht shuntasach a bhaineann le MAC agus cead pleanála a fháil agus Tairiscint Cheant a chur le chéile, táthar ag dúil go mbeidh an-chuid iomaíochta idir larratasóirí i gcomhair dámhachtana i gcás íoc-mar a-thairgtear seachas praghsáil straitéiseach. Mar sin de, níl an buntáiste féideartha a bhaineann le íoc-mar a-réitítear chun praghsáil straitéiseach a sheachaint agus Tairiscintí a Bhronnadh ar na tionscadail is éifeachtaí i gceist.

Is sciath chosanta é fosta íoc-mar a-thairgtear i gcoinne rannpháirtithe amhantracha ceant a bheadh sásta glacadh le praghsanna agus an rogha sách saor acu tarraingt amach má tá an praghas réitithe ró-íseal dóibh, rud a fhaigheann réidh le hacmhainn luachmhar cheant

Ceisteanna

1. Dá ndéanfadh an Roinn íoc-mar a-réitítear a bhreithniú amach anseo, an bhfuil smaointe ar bith ann faoin mbealach chun tairiscintí amhantracha a sheachaint gan barántais airgeadais a bheadh i bhfad níos stóinsithe?
2. An mbeadh rannpháirtithe toilteanach barántais airgeadais i bhfad níos stóinsithe a íoc (.i. bannaí tairisceana atá níos mó ná a bhfuil á moladh faoi láthair) dá mbeadh íoc-mar a-réitítear níos inghlactha ag an Roinn dá bharr?
3. An ann do shamplaí dá leithéid de thionscadail mhór-infheistíochta ina bhfuil costais fhéideartha an-difriúil a soláthraíodh go rathúil trí cheant íoc-mar a-réitítear?

1.4 Bannaí Tairiscintí agus Urrúis Feidhmíochta

Mar is ionann le RESS 2, moltar Bannaí Tairiscintí agus Urrúis Feidhmíochta a chur i bhfeidhm in ORESS 1 ar bhonn €/MWh, seachas ar an mbonn €/MW a bhí i bhfeidhm in RESS 1. Moltar na rátaí céanna a bhí i bhfeidhm in RESS 2, i.e. leibhéal molta €7/MWh de Chainníocht Mheasta Fuinnimh do bhliain amháin don Bhanna Tairisceana agus leibhéal molta €24/MWh de Chainníocht Mheasta Fuinnimh do

bhliain amháin don Urrús Feidhmíochta. Déanfar athbhreithniú ar na rátaí seo sula bhfoilsítear Téarmaí agus Coinníollacha Deiridh ORESS 1 i gcomhthéacs na rátaí a bheidh i bhfeidhm i dTéarmaí agus Coinníollacha Deiridh RESS 2.

Cinntíonn an t-athrú a mholtar go leibhéal banna agus urrúis de réir MWh seachas de réir MW go mbeidh comhleanúnachas idir na ceantanna cladaigh agus amach ón gcósta sa réimse seo, agus léiríonn gur cuspóir fuinnimh é cuspóir fuinnimh in-athnuaite na hÉireann seachas cuspóir acmhainneachta.

Rinneadh na leibhéil a fhorbairt bunaithe ar an méid a mheastar atá réalaíoch i bhfianaise na leibhéal infheistíochta, cleachtais conartha Innealtóireachta, Soláthair agus Tógála (EPC), agus na ceachtanna a foghlaimíodh ó cheant RESS 1. Tá an Tairiscint Bannaí laistigh de réimse cleachtais an AE agus is rún dó a chinntiú nach mbíonn tús áite ag Tairiscintí nach bhfuil dáiríre nó atá neamhréalaíoch seachas tairiscintí atá réalaíoch. Tá Bannaí Tairiscintí socraithe don tréimhse teoranta idir Tairiscint a chur isteach agus síniú an Chomhaontaithe Feidhmithe (IA) agus níl aon chúis go dtabharfadh Iarrthóir a réitigh Tairiscint bhailí an Banna Tairisceana sin suas. Tá na leibhéil Urrúis Feidhmíochta níos airde agus laistigh chomh maith de réimse taithe an AE. Lena chois sin, tá na leibhéil seo réasúnta nuair a chuirtear iad i gcomparáid le costais EPC is dócha a bheidh ann.

Ceisteanna

1. An fearr mar chur chuige gealltanais réasúnta láidir airgeadais a úsáid, i gcomhréir le cleachtas an AE, lena chinntiú go mbeidh tairiscintí in ORESS 1 réalaíoch agus go mbeidh siad mar dhreasú don fheidhmíocht agus rátaí arda fóraithe?
2. An bhfuil na leibhéil shaniúla féin réalaíoch? Ar chóir go mbeadh siad níos airde nó níos ísle, agus dá mba chóir, cén fáth?

1.5 Garspriocanna Eatramhacha agus Deiridh

Mar is ionann le RESS 1 agus RESS 2, moltar garspriocanna eatramhacha agus deiridh le haghaidh ORESS 1 chun an feidhmiú tráthúil a ghríosú agus mar chosaint in aghaidh chuileáil na hacmhainne teoranta don cheant. Go háirithe, i bhfianaise ghnáthscála na dtionscadal gaoithe amach ón gcladach, is barr-riachtanach sa dearadh agus sa scálú i gceantanna agus i bpleanáil na heangaí amach anseo go mbeidh dealú soiléir idir tionscadail atá ag dul chun cinn go tráthúil, tionscadail a bhfuil moill orthu agus tionscadal nach dócha a thuilleadh go rachaidh siad a fhad leis an oibríocht féin.

Ó baineadh an cead forbraíochta mar chritéar inbhailitheachta do ORESS 1, ní mór an cead seo a chur isteach mar chloch mhíle tar éis ceant, agus beidh am breise ar fáil d'úinéirí tionscadail chun an cead seo a fháil. Aithnítear chomh luath agus a bheidh an t-eolas ábhartha ar fad curtha ar fáil don údarás cuí pleanála, go pointe áirithe, nach bhfuil aon smacht ag úinéir tionscadail ar an amlíne. Táthar ag súil go mbeidh tuilleadh soiléir faoi na nósanna imeachtaí maidir le cead forbartha do thionscadail amach ón gcósta, lena n-áirítear na hamlínte le haghaidh cead forbartha a fháil, ar fáil ach a ritear an Bille um Phleanáil Cheantar Muirí (MAP).

Tá iarracht ar chothromaíocht chuí idir riachtanais an Stáit agus riachtanais úinéirí tionscadail sna clocha míle atá molta thíos. Ós rud é go bhfuil an rún ag an gcéad dá cheant amach ón gcósta an 5GW a sholáthar is riachtanach dár gcuspóir 2030, dá réir sin is cóir go socrófaí an chloch mhíle dheiridh faoin gcead pleanála mar bhonn eolais don acmhainneacht is riachtanach le haghaidh ceantála sa dara ceanta amach ón gcósta, ORESS 2. Ba chóir an amlíne molta thíos a úsáid go bunúsach mar tháscaire ar na tréimhsí ama is dócha a bheidh de dhíth chun gach cloch mhíle a bhaint amach, seachas dátaí féilire. Chun críche léirithe amháin a thugtar na dátaí thíos agus tá siad bunaithe ar an réamhthuirim go dtabharfar MACanna go déanach in 2022. Moltar tréimhse 18 mí agus 21 mí faoi seach idir inbhailitheacht mheasta cead pleanála (i.e. bronnadh MAC) agus na clocha míle deiridh agus eatramhacha cead pleanála. Déanfar leasú de réir mar is gá ar gach cloch mhíle mholta sna Téarmaí agus Coinníollacha Deiridh lena chur san áireamh cén dáta iarbhír a achtófar an MAP, agus cén uair is féidir bheith ag súil go réasúnta go n-eiseofar MACanna ag an gcéim sin.

Ba bhreá leis an Roinn moltaí a chlosteáil faoi conas is féidir cloch mhíle an chead pleanála a láimhseáil in éindí leis an gcothromaíocht riosca a choinneáil idir úinéirí tionscadail agus an Stáit agus tomhaltóirí. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil leisce ar an Roinn a cheadú go ligfí aon chlocha míle le sruth, oiread agus a bheidh an c.15 bliana de thacaíocht fós ar fáil, óir bhainfeadh sin a bonn den phríomhdhreasacht don luathfheidhmiú, mar atá an tréimhse tacaíochta suas le 16.5 bliana.

Mar aitheantas ar an gcaiteachas suntasach airgeadais atá déanta ag tionscadail is dócha a bheidh san iomaíocht in ORESS 1, tá garsprioc an Chinnidh Dheiridh Infheistíochta bainte agus ina háit tá garsprioc níos ábhartha, mar atá an Dáta Tosaigh, a thagraíonn don dáta ar a n-eisíonn an Gineadóir fógra dul ar aghaidh (nó a chómhaith sin) faoina phríomhchonradh tógála (i.e. conradh Innealtóireachta,

Soláthair agus Tógála (EPC) nó conradh soláthair tuirbín) i ndáil leis an Tionscadal ORESS 1.

Aithnítear mar sin féin gur riachtanas ginearálta ag tionscadail gaoithe amach ón gcladach go mbeidh tréimhse forbartha níos faide acu ná mar a bhíonn ag tionscadail ar tír, agus mar sin tá fuinneog tógála timpeall 3 bliana á chur ar fáil sula dtagtar ar chloch mhíle eatramhach an Dáta Oibríochtaí Tráchtála (COD). Tá cothromaíocht idir na clocha míle COD aontaithe agus an cuspóir náisiúnta 5GW a sholáthar faoi 2030 ó ORESS 1 agus ORESS 2. Ag glacadh le dáta stad fhad 2030 ag ORESS 2, moltar 2028 mar dháta stad fhada do ORESS 1. Is rún dó seo an dóchúlacht a laghdú go mbeidh bacainní córais ann agus go mbeidh comhamas buaicfheidmithe ag tionscadail ORESS 1 agus ORESS 2. Leis an amlíne mholta seo, ní bheidh ach eireaball an fheidmithe i dtaca le ORESS 1 ag forluí ar an gcéim ardaithe feidhmithe ORESS 2, rud a chuirfidh leis an dóchúlacht go mbeidh píblíne sheasta tionscadal amach ón gcósta in Éirinn agus a laghdóidh an dóchúlacht go mbeidh briseadh seirbhíse san earnáil.

Lena sin, tar éis gur baineadh toiliú forbartha mar chritéar incháilitheachta, ní mór a thabhairt isteach arís mar gharsprioc iar-cheant, agus beidh tuilleadh ama riachtanach ag úinéirí tionscadail chun an cead seo a iarraidh agus a fháil. Aithnítear chomh maith go pointe áirithe, chomh luath agus a bhíonn an t-eolas ábhartha uile curtha ar fáil ag an bhforbróir don údarás ceadúnaithe forbraíochta cuí, ní bhíonn smacht iomlán ag úinéir an tionscadail ar an bpróiseas seo. Déanfaidh an Bille um Pleanáil Limistéir Mhuirí (MAP), mar a feidhmíodh, an próiseas ceadaithe forbraíochta a bhunú le haghaidh tionscadal amach ón gcladach.

Ar aon dul le RESS 1, moltar go mbeadh clocha míle cailte roimh COD faoi réir ag tarraingt anuas an Urrúis Feidmíochta 4% sa mhí go dtí go mbainfear amach an chloch mhíle dheireanach, agus sa chás ansin nach mbainfí amach an chloch mhíle sin, go dtarraingeofaí anuas fuíollach an Urrúis Feidhmíochta agus go dtarraingeofar siar an Litir Thairisceana. Beidh cloch mhíle eatramhach COD a chailleadh ina údar le hídiú na tréimhse tacaíochta a bheidh ar fáil go mbainfear amach dáta an stad fhada, agus ina dhiaidh sin, mura mbaintear amach an COD, tharraingeofaí anuas fuíollach an Urrúis Feidhmíochta agus go dtarraingeofaí siar an Litir Thairisceana. Moltar na forálacha céanna Force Majeure ó RESS 1 agus RESS 2 a iompar ar aghaidh go dtí ORESS 1. Ní hionann agus Force Majeure teip cead pleanála a fháil. an dóchúlacht go mbeidh briseadh seirbhíse riachtanach san earnáil.

Tugtar d'aire gur rún don tábla thíos aird a tharraingt ar gharspriocanna áirithe agus nach rún dó bheith cuimsitheach ná críochnúil. Is féidir, go háirithe, go gcuirfí clocha míle breise san áireamh sna Téarmaí agus Coinníollacha Deiridh a bheidh ag comhfhreagairt don mheasúnú naisc eangaí amach ón gcósta agus na próisis eisiúna tá i mbéal a bhforbartha faoi láthair ag CRU. Tá liosta níos iomláine ar fáil ach dul chuig Aguisín 2 de chuid Iarscríbhinn A i nDréacht-Théarmaí agus Dréacht-Choinníollacha ORESS 1.

	Amlíne Tháscach Chéim a hAon <i>(Am agus seicheamh faoi réir athruithe)</i>	Dáta Molta do Gharsprioc Eatramhach	Dáta Molta do Gharsprioc Dheiridh
2022/3	Bronnadh MAC Saincheist Measúnaithe an Naisc Eangaí Tairiscint ORESS 1 Cead Pleanála		
2024	Tairiscint Eangaí, Ceadúnais CRU Dáta Tosaigh Tús leis an Tógáil	31 Már – Cead Pleanála 31 Noll – Dáta Tosaigh	30 Mei – Cead Pleanála
2025	Tógáil		30 Mei – Dáta Tosaigh
2026	Tógáil 1 Ean – Tacaíocht ORESS 1 ar fáil (le COD)		
2027	Dáta Oibríochta Tráchtála (COD) (Q2 = tacaíocht 15 bliana)	30 Mei - COD	
2028	Oibríocht, Bliain 2		30 Mei – COD (Dáta Stad Fhada)

2042	30 Mei – Deireadh le tacaíocht ORESS 1 (14-16.5 bliain de thacaíocht)		
------	---	--	--

Ceisteanna

1. An réasúnta iad na dátaí do na garspriocanna agus an stopadh fada thuas?
Ar chóir go mbeadh aon cheann níos luaithe nó níos déanaí ann? Cén fáth sin?
2. Arbh fhearr an láimhseáil a d'fhéadfaí a dhéanamh ar riosca moillithe na dtionscadal trí mheán ar bith seachas garspriocanna agus gealltanais feidhmíochta, e.g. ídiú a dhéanamh ar an tréimhse thacaíochta? Mínigh le do thoil conas a dhéanfaí cosaint ar leas an Stáit i ngach cás.
3. An bhfuil aon mhodh is fearr chun cothromaíocht a aimsiú sna rioscaí feidhmithe mar atá ar úinéirí tionscadail agus ar an Stát?

1.6 Cistí Leasa Pobail Amach ón gCladach

Aithníonn an Roinn go bhfuil gá soiléir ann feabhsúchán a dhéanamh ní amháin ar sholáthar an leictreachais in-athnuaite, ach ar ghlacadh na sochaí leis an leictreachas in-athnuaite. Tá roinnt saincheisteanna pobail a bhaineann go sainsiúil leis an ngaoth amach ón gcladach a bhféachann na coigeartuithe thíos le dul i ngleic leo.

1.6.1 Ranníocaíochtaí Luatha

De réir na gceantanna RESS cladaigh agus mar atá cuimsithe san imréiteach Stát-Chabhrach RESS, tá de cheangal ar gach tionscadal RESS agus ORESS ar éirigh leo ranníocaíochtaí Ciste Leasa Pobail a dhéanamh ar an ráta seasta €2/MWh den fhuinneamh a ghintear.

I bhfianaise na dtréimhsí fada tosaigh a bhíonn de ghnáth ag na tionscadail gaoithe amach ón gcladach, an tionchair a bhíonn ar phobail acu le linn chéimeanna na tógála agus chun go mbeidh glacadh níos fearr ag pobail leo, moltar go mbeidh ceanglas ar thionscadail a n-éiríonn leo in ORESS 1 ranníocaíochtaí Ciste Leasa Phobail a dhéanamh roimh an dáta oibriúcháin. Cé gur gnáthchleachtas é ag úinéirí tionscadal fuinnimh íocaíochtaí luatha a dhéanamh ar an gcaoi seo, agus beag beann ar an dea-thoil a ghintear maidir le tionscadail áirithe i ngeall ar an gcleachtas

seo, moltar go mbunófaí sceideal do ranníocaíochtaí aonfhoirmeacha éigeantacha, chun bonn cothrom a chur ar fáil d'úinéirí tionscadal atá san iomaíocht ag ceantanna agus idir na pobail féin ina mbeidh na tionscadail éagsúla á n-óstáil.

Níl athrú á mholadh ar na ranníocaíochtaí fad saoil a bheidh le déanamh ag tionscadail amach ón gCladach, mar sin is féidir go ndéanfaí ranníocaíochtaí luatha a fhritháireamh le hais oibleagáidí amach anseo. Lena chinntiú go gcoinneofar leibhéal seasta ranníocaíochtaí ciste tar éis do thionscadal tosú ar an nginiúint féin, táthar á mholadh go gcuirfear teorainn leis an bhfritháireamh a dhéanfar ar ranníocaíochtaí luatha. Moltar uasmhéid 50% de fhritháireamh ar oibleagáidí Ciste Leasa Phobail in aon bhliain ar bith, ag tosú ar an gcuid is luaithe trí bliana tar éis Dháta an Oibriúcháin Tráchtála.

Moltar go mbeidh dliteanas ranníocaíochtaí luatha ar Thionscadail ón Dáta Tosaigh amach, agus moltar go mbeidh oibleagáid comhionann le 100% de na ranníocaíochtaí a mbeifí ag súil leo i ngnáthbhliain oibriúcháin, i.e. Cainníocht Fuinnimh Mheasta do bhliain amháin x €2/MWh. Moltar go ndéanfar íocaíochtaí ar bhonn ráithe.

1.6.2 Ciste faoi Bhainistiú Náisiúnta

Tá dúshlán faoi leith ag baint leis an mbainistiú ar ranníocaíochtaí leasa phobail i gcomhthéacs na dtionscadal amach ón gCladach, agus ina measc siúd tá sainmhíniú ar an bpobal amach ón gCladach, scála an chistithe atá le bainistiú, agus an baol go mbeidh saincheistanna Státchabhrach ann do chuid díobh siúd a fhaigheann cistiú. Cé go mbraitear go mbeidh cistí aonair ar fáil do gach tionscadal faoi RESS 1 agus RESS 2, moltar gur fearr a thabharfar faoi na saindúshlán amach ón gCladach seo ach aon Chiste Leasa Phobail Amach ón gCladach, faoi bhainistiú náisiúnta, a bheith ann.

Ba chóir a thabhairt don aire, ainneoin go mbeadh ról airíoch an Chiste Leasa Phobail Amach ón gCladach ag leibhéal náisiúnta faoin moladh seo, is i dtreo na bpobal óstála i gcónaí a rachadh an cistiú sannta. Beidh leas ag an Stát ar fad de réir na dtobhach scartha ar ghrinneall na farraige a bhainfidh le gach tionscadal amach ón gCladach, arna mbunú leis an mBille MAP agus leis an bpróiseas MAC.

Saimhíniú ar an bPobal Amach ón gCladach. I bhfianaise scála mór na bpáirceanna gaoithe amach ón gCladach, is minic is mór chomh maith an limistéar cósta a mbeidh an radharc uaidh faoi thionchar. Beidh éagsúlacht sa cheantar féin ag brath ar thírdhreach an chósta, mar sin níl feidhm éasca le riail shimplí a

bhaineann le fad agus leithead. Anuas air sin, is minic gur mar gheall ar a ngníomhaíocht ar farraige a dhéantar sainmhíniú ar úsáideoirí farraige seachas i ngeall ar an spás farraige a mbíonn siad suite ann. I gcás iascairí, mar shampla, tugtar ceadúnais bunaithe ar an speiceas éisc seachas ar cheantair iascaigh faoi leith.

I gcás ciste náisiúnta, níor ghá dealú righin a dhéanamh ar cad a mheastar is pobal amach ón gcladach ann. Ina leaba sin, d'fhéadfaí córas oibiachtúil scórála a chur i bhfeidhm, a chuirfeadh san áireamh a ghairne atá tionscadal amach ón gcladach do phobal faoi leith, nó an tionchar a bheadh aige air. Dá mbeadh córas comónta scórála i bhfeidhm le haghaidh gach iarratais ar an gciste, d'fhéadfaí measúnú neamhchlaonta comhsheasmhach náisiúnta a chur ar fáil do gach pobal a dhéanadh iarratas ar chistiú.

Scála Ranníocaíochtaí. Bheifí ag súil, i gcás tionscadal amach ón gcladach ar mheánmhéid, le 500MW de thuilleadh socraithe, go mbeadh €4m sa bhliain de ranníocaíochtaí pobail uaidh, nó leibhéal atá chóir a bheith cothrom le comhoibleagáidí gach uile cheann de na c.80 tionscadal ar éirigh leo in RESS 1. In éineacht leis an athrú céime sa leibhéal ranníocaíochta tiocfaidh méadú chomh mór céanna ar an rialachas, ar an trédhearcacht agus ar an riosca cuntasaíochta maidir le sannadh na gcistí leasa amach ón gcladach.

D'fhéadfadh ciste faoi bhainistiú náisiúnta maolúcháin fheabhsaithe a chur ar fáil ar na rioscaí seo, lena n-áirítear tuairisciú leasaithe rialachais agus trédhearcachta agus an t-ionchas go mbeifí ag cloí le feidhmeanna níos déine iniúchta idir laistigh agus lasmuigh. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí costas na n-oibleagáidí rialachais seo, agus costais riaracháin go ginearálta, a ghlanadh níos éifeachtúla leis an aon chiste, agus gan seirbhísí faoi dhó a bheith ann ar cuid dhlúth iad den iliomad cistí éagsúla a mbaineann an uile cheann díobh le tionscadal faoi leith. D'fhéadfaí mar sin an 10% úd de liúntas riaracháin a bunaíodh faoi RESS 1 a laghdú, rud a chuirfeadh tuilleadh cistithe ar fáil chun leas na bpobal féin.

Státchabhair. Ní hionann agus iad siúd a gheobhaidh cistiú amach ón gcladach, ar dócha gur eagraíochtaí dúchais neamhbhrabúsacha iad, beidh úsáideoirí áirithe farraige ann ar nós iascairí, ar fhiontraíochtaí eacnamaíocha iad agus beidh gá le monatóireacht ar na sochair a gheofar chun a riosca a laghdú go mbeidh comhchruinniú státchabhrach ann. Is fearr a bheadh an t-aon chiste, leis an aon chlár tairbhíthe, in ann an riosca seo a bhainistiú.

Ceisteanna

1. Cad é an dáta is luaithe is féidir go réasúnta a cheangal ar úinéirí tionscadal ranníocaíochtaí luatha a dhéanamh leis an gCiste Leasa Phobail Amach ón gcladach?
2. An bhfuil sé réasúnta go n-úsáidfí garsprioc tionscadal mar thosach le ceanglais ranníocaíochtaí luatha (ar nós an Dáta Tosaigh) nó ar chóir go mbeadh dáta seasta féilire in úsáid ina áit sin?
3. Cad é an leibhéal ar chóir ranníocaíochtaí luatha a dhéanamh aige? 100% de ranníocaíochtaí ionchasacha i mbliain ghiniúna? Níos mó nó níos lú?
4. Ní thiocfaidh athrú ar an leibhéal iomlán ranníocaíochta a dhéanfaidh tionscadal i ngeall ar ranníocaíochtaí luatha, ach ina áit sin b'fhéidir go mbeifí in ann íocaíochtaí luatha a fhritháireamh le hais oibleagáidí amach anseo. Cén chéim agus cén ráta ag ar chóir go mbeadh tionscadail ábalta ranníocaíochtaí Leasa Phobail Amach ón gcladach a fhritháireamh?
5. Cad é do thuairim maidir le Ciste Leasa Phobail Amach ón gCladach aonair, faoi bhainistiú náisiúnta, in áit cistí aonair faoi bhainistiú ag gach tionscadal amach ón gcladach faoi seach?
6. An bhfuil smaointe faoi leith, lena n-áirítear fianaise ón AE nó ó dhlínsí eile, ag freagróirí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí tacú leis an gCiste Leasa Phobail, nó é a athstruchtúrú nó a shimpliú?

1.7 Oibriúchán agus Cothabháil Áitiúil

Is gnách go dteastaíonn ó fhorbraíochtaí gaoithe amach ón gcladach go mbeidh bonneagar mórsála calafoirt acu leis an tionscadal a fheidhmiú agus áiseanna calafoirt níos lú chun soláthar a dhéanamh ar sheirbhísí reatha oibriúcháin agus cothabhála.

Cé go dtuigtear gur beag an acmhainn chalafoirt ar mhórsála atá ar fáil in Éirinn faoi láthair, tá roinnt calafort níos lú ann a bhfuil ar a gcumas soláthar a dhéanamh ar sheirbhísí oibriúcháin agus cothabhála páirc ghaoithe. Mar sin de, sa chaoi go mbeidh an leas eacnamaíoch uasta a bhaineann le gaoth amach ón gcladach á chur ar fáil do phobail áitiúla, chun fostaíocht fhadtéarmach, ardluacha a chur ar fáil sna ceantair seo, agus chun a chinntiú go mbeidh cothromaíocht deiseanna ann idir thionscadail, moltar ceangal a chur ar gach tionscadal ORESS 1 a n-éireoidh leis gur in Éirinn nó i dTuaisceart Éireann a bheidh a gceanncheathrú.

Tuigtear don Roinn go gcomhlíonann an moladh seo, mar atá sé dréachtaithe, an t-imríteach Státchabhrach atá á soláthar do RESS.

Ceisteanna

1. An ceanglas réasúnta é seo? Cad é an tionchar costais a bheadh le moladh ó thaobh caiteachais oibriúcháin de agus Tairiscintí ceant?
2. Cad iad na bearta breise a d'fhéadfaí a chur leis seo chun leas eacnamaíoch na háite a fheabhsú? Mar shampla, ar chóir go mbeadh ceanglas maidir le fostaíocht/oiliúint áitiúil?
3. Le haghaidh ceantanna ORESS amach anseo, an mbeadh ceanglas maidir le gné áitiúil inrite in Éirinn ag na céimeanna forbraíochta agus/nó oibriúcháin? Cad é an fad ama cuí, agus cad é an tionchar costais a bheadh lena leithéid de bheart, i dtéarmaí Tairiscintí ceant?

1.8 Ceistneoir Airgeadais

Ar aon dul le RESS 2, agus ag teacht le Cinneadh an AE maidir le Stát-Chabhair (SA. 54683, 2020), tá ceanglas ar iarrthóirí ORESS 1 an t-eolas a thabhairt atá sainithe sa Cheistneoir Airgeadais mar atá sin dréachtaithe in Iarscríbhinn B de na Dréacht-Téarmaí agus Dréacht-Choinníollacha in ORESS 1.

Clúdaíonn an ceistneoir réimsí ar nós tuairisceáin ionchasacha ón tionscadal, costais chaipitil agus oibriúcháin agus an dóchúlacht a bhaineann le conairí eile chun an mhargaidh lena n-áirítear Comhaontuithe Corparáideacha faoi Cheannach Cumhachta, ó allmhairiú chuig dlínsí eile.

Coinneofar an t-eolas ar fad faoin gceanteideal seo faoi rún daingean agus beidh feidhm leis an díolúine faoi Alt 36 (faisnéis leochaileach tráchtála) maidir le scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Ceisteanna

1. An bhfuil dóthain sonraí sa Cheistneoir Airgeadais chun luacháil a dhéanamh ar na ceantanna RESS amach ón gcladach, mar atá riachtanach faoi Chinneadh an AE i dtaca le Stát-Chabhair?
2. Cad iad na sonraí breise ba chóir don Cheistneoir Airgeadais a bhailiú? An bhfuil aon eolas breise ba chóir a bhailiú a bhaineann go sonrach le cúrsaí amach ón gcladach?

1.9 Ceistneoir faoin bPlean Soláthair Tionscadail

Níl forbairt earnáil na gaoithe amach ón gcladach in Éirinn ach ina thús ar fad. Sa chaoi gur fearr an t-eolas a bheidh mar bhonn ag beartas an Rialtais agus dearadh ceantanna RESS amach ón gcladach amach anseo, moltar go mbaileofar oiread eolais infheidhme agus is féidir ón gcéad cheant amach ón gcladach seo.

Ba chóir a thabhairt don aire go bhfuil an t-eolas seo, a mholtar a chruinniú trí mheán Ceistneora faoi Phlean Soláthair Tionscadail, Aguisín C de Dhréacht-Théarmaí agus Dréacht-Choinníollacha ORESS 1, le cur isteach tar éis an cheant, ag tionscadail a n-éiríonn leo ag an gceant agus iad sin amháin. Ba chóir go gcuirfeadh sé seo Iarratasóirí ar a suaimhneas nach bhfuil aon bhaint ag an eolas a chruinnítear leis an bpróiseas roghnaithe buaiteora ag an gceant féin. Níl aon rún scóráil ná luacháil a dhéanamh i leith Pleananna Soláthair Tionscadail ag céim ar bith.

Ach é a chur san áireamh go bhfuil mearfhorbairt ag teacht ar fud an domhain ar an teicneolaíocht ghaoithe amach ón gcladach agus ar an mbeartas poiblí faoin nginiúint amach ón gcladach, agus nach gá go mbeadh na sonraí a bhaileofaí ionadaíoch ar threochlaontaí amach anseo, aithnítear gurb iad na sonraí a chruinneofar ó thionscadail ar éirigh leo MAC agus Tairiscint ORESS a fháil, na sonraí is fearr atá ar fáil i gcomhthéacs na hÉireann.

Tuigtear don Roinn go mbeidh Pleananna Soláthair Tionscadail faoi réir athruithe, agus go mbeidh tionchar ar na pleananna seo ag forbairtí tar éis an cheant, ar nós an phróisis chun cead forbraíochta a fháil. Mar sin féin, sa chaoi go mbeidh ionchur aige i bhforbairt an chéad cheant eile amach ón gcladach, ba chóir an t-eolas seo a chruinniú chomh luath agus is féidir tar éis an cheant. Moltar mar sin, go gcuirtear isteach Pleananna Soláthair Tionscadail tráth nach déanaí ná 3 mhí ó dháta an Chomhaontaithe Feidhmithe. Moltar go gcuirtear Pleananna nuashonraithe Soláthair Tionscadail, sa chás go ndéantar athruithe ábhartha, a chur isteach chuig an Roinn tráth nach déanaí ná 3 mhí ó gharspriocanna ORESS 1 eile ar nós Cead Forbraíochta a shlánú, Dáta Tosaigh agus Dáta Oibriúcháin Thráchtála.

Ar aon dul leis an gCeistneoir Airgeadais, coinneofar an t-eolas ar fad faoin gceanteideal seo faoi rún daingean agus beidh feidhm leis an díolúine faoi Alt 36 (faisnéis leochaileach tráchtála) maidir le scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Tuigtear don Roinn go gcomhlíonann an moladh seo, mar atá sé dréachtaithe, an t-imréiteach Státchabhrach atá á sholáthar do RESS.

Ceisteanna

1. An bhfuil an leibhéal mionsonraí a iarrtar réasúnta? An bhfuil ceisteanna breise ba chóir a chur?
2. An bhfuil an amlíne le haghaidh na gcéad Phleananna Soláthair Tionscadail a chur isteach réasúnta? An bhfuil garspriocanna le haghaidh nuashonrú le hathruithe ábhartha a dhéanamh ar Phleananna Soláthair Tionscadail réasúnta?

2 Freagairtí Comhairliúcháin a Chur Isteach

Beidh fáilte roimh gach freagairt agus gach aighneacht ó pháirtithe leasmhara agus measfar iad i bhforbairt agus i bhfeidhmiú na dTearmaí agus Coinníollacha deiridh le haghaidh ORESS 1.

I bhfianaise líon agus éagsúlacht na dtráchtanna is dócha a thiocfaidh, níl rún ag an Roinn freagairt d'aighneachtaí aonair.

Is féidir aighneachtaí leis an ábhar 'Comhairliúchán ORESS 1' a dhéanamh ag an seoladh ríomhphoist a leanas: oress@decc.gov.ie nó sa phost ag an seoladh thíos:

Comhairliúchán ORESS 1

Rannóg Fuinnimh Idirnáisiúnta agus Amach ón gCladach

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

29-31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath

D02 X285

Is é 6 Nollag 2021 an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí a chur isteach.

Tá freagairtí don chomhairliúchán seo faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 agus Rialacháin maidir le Rochtain ar Eolas faoin gComhshaoil 2007-2014.

Ba chóir eolas rúnda nó eolas leochaileach tráchtála a mharcáil go soiléir i d'aighneacht, mar sin féin ba chóir do pháirtithe a thabhairt dá n-aird go bhfuil gach freagra nó aon fhreagra ar bith ar na comhairliúcháin faoi réir ina n-iomláine fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus go bhfoilseofar iad ar shuíomh gréasáin na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

An uair a fhreagraíonn freagróir don chomhairliúchán, toilítear a n-ainm a fhoilsiú ar líne leis an aighneacht. Folóidh an Roinn seoltaí pearsanta agus seoltaí ríomhphoist pearsanta roimh fhoilsiú. Ba mhaith linn aird a tharraingt ar ráiteas príobháideachais na Roinne ina luaitear go n-éilíonn an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar fhreagróirí sonraí pearsanta áirithe a thabhairt sa chaoi gur féidir seirbhísí a chur ar fáil agus feidhmeanna na Roinne a dhéanamh, agus gur féidir go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi

dhálaí áirithe sa chás gur dlíthiúil é. Tá na mionsonraí ar fad ar fáil inár [bhFógra faoi Phríobháideachas Sonraí](#).